

Tá Clár na dToghthóirí á ullmhú anois don bhliain seo chugainn. Comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais **LÁITHREACH** í lena chinntiú go mbeidh tusa agus baill do theaghlaigh cláraithe.

NÓTAÍ

A. DÉAN CINNTE GO LUAFADHTÚ:

- Gach duine atá os cionn 18 mbliana d'aois a bhfuil cónaí orthu ag do sheoladh;
- Aon duine atá 17 mbliana d'aois agus a mbeidh 18 mbliana slánaithe aige faoin 15 Feabhra seo chugainn;
- Aon duine incháilithe a bhfuil cónaí air ag do sheoladhsa de ghnáth ach atá as baile go sealadach;
- Ainm aon duine atá ag cónaí ann le dhá bhliain anuas agus an seoladh a bhí ag an duine sin/na daoine sin roimhe seo.

B. NÁ LUAIGH:

- Cuairteoir atá ag cur faoi seal ag do sheoladh.

C. SAORÁNACHT

Cé go bhfuil gach cónaitheoir i dteideal a bheith cláraithe, caithfidh fios a bheith ag an údarás clárúcháin (do chathair, comhairlí contae nó cathrach agus contae) ar shaoránacht duine chun na toghcháin a mbeidh an duine sin ann vótáil iontu a chinneadh.

Is mar a leanas an ceart vóta a chaitheamh:

Is féidir le **saoránaigh de chuid na hÉireann** vóta a chaitheamh i ngach toghchán agus i ngach reifreann; Is féidir le **saoránaigh de chuid na Breataine** vóta a chaitheamh i dtoghcháin Dála, i dtoghcháin Eorpacha agus i dtoghcháin áitiúla: Is féidir le **saoránaigh de chuid an AE** (seachas saoránaigh de chuid na hÉireann agus na Breataine) vóta a chaitheamh i dtoghcháin

Eorpacha agus i dtoghcháin áitiúla: Is féidir le **saoránaigh ó thíortha lasmuigh den AE** vóta a chaitheamh i dtoghcháin áitiúla.

D. DHÁ LEAGAN DEN CHLÁR

Is gá d'údarás chláraithe dhá leagan den chlár a fhoilsiú:

- (a) an clár iomlán; agus
- (b) an clár atheagraithe.

Tá liosta na ndaoine ar fad atá i dteideal vótáil ar an gclár iomlán agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

AN CLÁR ATHEAGRAITHE

Beidh ainmeacha agus seoltaí na ndaoine ar féidir a gcuid sonraí a úsáid chun críocha eile seachas críocha toghcháin nó críocha reachtúla, m.sh. do dhímhargaíocht ag eagraíocht trádála nó ag eagraíocht eile, ar an gclár atheagraithe.

Má theastaíonn ó aon duine den líon tí go gcuirfí a chuid sonraí san áireamh ar an gclár atheagraithe ba cheart tic a chur sa bhosca rogha ISTEACH i gcolún (v), cuid 3 den fhoirm, nó sin cuir tic in aice le AMACH. Má fhágtar bán na boscaí seo, glacfar leis gurb ionann sin agus rogha AMACH, i.e. ní bheidh an duine sin ar an gclár atheagraithe.

E. TUILLEADH EOLAIS

Tá tuilleadh eolais ar an gclár agus ar an bhforíonadh leis an gclár le fáil sa bhileog eolais "Clár na dToghthóirí" ag www.housing.gov.ie.

